Aistear

Creatchuraclam na Luath-Óige
The Early Childhood Curriculum Framework

Folláine agus Leas

Tugann Aistear míniú ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a dhéanann leanaí, ag baint úsáide as ceithre théama. Ceann de na téamaí sin is ea **Folláine agus Leas**.

Is éard atá i gceist leis an téama **Folláine agus Leas** de chuid *Aistear* ná go mbeidh leanaí féinmhuiníneach, sona agus sláintiúil. (Féach leathanaigh 17-25 don téacs iomlán maidir le **Folláine agus Leas**.)

dúshlán agus spreagadh

meas agus cúram

féintuilleamaí

cumas teacht aniar agus buanseasmhacht

muinín

Aidhm 1

Beidh leanaí **láidir go síceolaíoch agus go sóisialta.**

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. déanfaidh siad taobhaithe láidre agus dlúthchaidrimh thacúla
2. beidh ar a gcumas a mothúcháin a chur i bhfocail agus tuigfidh siad go mbíonn mothúcháin éagsúla ag daoine éagsúla
3. beidh siad in ann déileáil go maith le hidirthréimhsí agus le hathruithe
4. beidh siad féinmhuiníneach agus féintuilleamaíoch
5. beidh meas acu orthu féin, ar dhaoine eile agus ar an timpeallacht
6. beidh ar a gcumas cinntí agus roghanna a dhéanamh.

Aidhm 2

Beidh leanaí **chomh sláintiúil agus chomh haclaí** agus is féidir.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. rachaidh a smacht agus a gcomhordú ghluaiseachta coirp i bhfeabhas
2. beidh siad eolach ar a gcorp agus ar a gcumas féin
3. déanfaidh siad a scileanna mínluaile agus mórluaile a thabhairt chun míneadais
4. beidh siad in ann scileanna féinchabhracha a úsáid agus iad ag tabhairt aire dá gcorp féin
5. beidh siad in ann dea-bhreithiúnas a dhéanamh agus iad ag dul i riosca
6. beidh dearcadh dearfach acu i leith bia, sláinteachais, cleachtadh coirp, agus i leith gnáthaimh.

Aidhm 4

Beidh **dearcthaí dearfacha** i leith na foghlama agus an tsaoil ag leanaí.

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. leanfaidh siad orthu ag éirí níos neamhspleáiche
2. beidh muinín acu as a gcumais féin agus léireoidh siad dearcthaí dearfacha i leith na foghlama
3. smaoineoidh siad ar bhealach dearfach, rachaidh siad san amhantar ar mhaithe le foghlaim, beidh teacht aniar iontu, agus beidh siad seiftiúil
4. beidh siad féinspreagúil, lorgóidh siad dúshláin agus tabharfaidh siad go fonnmhar fúthu
5. beidh meas acu ar an saol, agus beidh fhios acu go bhfuil brí agus cuspóir ag baint leis an saol
6. beidh siad ina saoránaigh ghníomhacha.

Aidhm 3

Beidh leanaí **cruthaitheach agus spioradálta.**

Spriocanna foghlama

I gcomhpháirt leis an duine fásta, déanfaidh leanaí na nithe seo a leanas:

1. cuirfidh siad iad féin in iúl go cruthaitheach agus gheobhaidh siad blaiseadh de na healaíona
2. cuirfidh siad iad féin in iúl trí chineálacha éagsúla súgartha
3. déanfaidh siad a n-acmhainn ar iontas agus ar uamhan a fhorbairt agus a chothú
4. éireoidh siad machnamhach agus smaoineoidh siad ar bhealach atá nuálach solúbtha
5. tabharfaidh siad aire don timpeallacht
6. tuigfidh siad gur féidir go bhfuil creidimh agus luachanna éagsúla ag daoine eile.

diongbháilteacht

roghanna agus cinntí

inniúlacht agus sláinte

Uirlisí Úsáide Aistear

Soláthraíonn Uirlisí Úsáide Aistear réimse acmhainní lena n-áirítear gearrthóga físe, leidbhileoga, bileoga eolais, agus podchraoltaí le cuidiú leat leas a bhaint as *Aistear* a oirfidh do do chás féin. Tá fáil ar na huirlisí ag **www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear**

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2, Éire.

Teileafón: +353 1 661 7177 Facs: +353 1 661 7180
R-phost: info@ncca.ie Láithreán Gréasáin: www.ncca.ie